Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

12149/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0131(NLE)**

**ACP 116**
**WTO 281**
**COASI 121**
**RELEX 790**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Meitheal ACC |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9311/20 + ADD 1 - COM(2020) 273 final |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, sa Choiste Trádála a bunaíodh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca leis an leasú atá le déanamh ar an gComhaontú chun aontachas Stáit Neamhspleách Shamó agus aontachas Oileáin Sholomón a thabhairt san áireamh<br>- Glacadh |

1. An 1 Iúil 2020, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar cheann an Aontais, sa Choiste Trádála a bunaíodh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca leis an leasú atá le déanamh ar an gComhaontú chun aontachas Stáit Neamhspleách Shamó a thabhairt san áireamh.

2. Phléigh Meitheal ACC an togra thuasluaite agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2020, agus na modhnuithe is gá ann chun aontachas Oileáin Sholomón le déanaí a thabhairt san áireamh.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, sa Choiste Trádála a bunaíodh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, i dtaca leis an leasú atá le déanamh ar an gComhaontú chun aontachas Stáit Neamhspleách Shamó agus aontachas Oileáin Sholomón a thabhairt san áireamh, mar a leagtar amach in 11629/20 agus 11630/20 é, a ghlacadh, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur ar an téacs;

– a iarraidh go bhfoilseofaí an cinneadh ón gComhairle san *Iris Oifigiúil*;

– a iarraidh go ndéanfaí an cinneadh ó Choiste Trádála IPA, ach a nglacfar é, a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*;

– Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an chinnidh ón gComhairle.